AN ROINN TAILTE

AN FHO-ROINN IASCAIGH.

AN tACHT IASCAIGH (COMHDHLÚTHÚ), 1959.

FODHLÍ UIMH. 505.

CEANTAR UIMH. 13 *nó* CEANTAR BHÉAL ÁTHA SEANAIGH.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959), déanaimse MICHEÁL Ó MÓRÁIN, Aire Tailte, leis seo, an Fodhlí seo a leanas:

1. Fodhlí Cheantar Líontóireachta Bhéal Átha Seanaigh, Uimh. 505, 1961, is teideal don Fhodhlí seo.

2. (1) Na toirmisc atá i bhFodhlí Bhéal Átha Seanaigh Uimh. 503, 1960, ní bheidh feidhm acu i rith na tréimhse dar tosach an 7ú lá de Lúnasa, 1961, agus dar críoch an 19ú lá de Lúnasa, 1961, i leith líonta tarrainge nach sia ná cúig slat is ochtó a úsáid nó a shealbhú, in aon áit ar na huiscí taoide nó in aice leis na huiscí taoide lena mbaineann an mhír seo chun breith, nó le hintinn breith, ar bhradáin nó ar bhric.

(2) Baineann an mhír seo le—

(*a*) uiscí taoide Abhann na hÉirne seachas an chuid díobh atá suas an sruth nó soir ó líne dhíreach arna tarraingt ó Rinn Gibby go dtí an pointe is sia ó thuaidh de bhaile fearainn Phort na Sonn.

(*b*) uiscí taoide Abhann na hÉirne agus Abhann na Mainistreach seachas na coda díobh atá suas an sruth nó ó thuaidh de líne dhíreach arna tarraingt ó theorainn bhaile Bhéal Átha Seanaigh, mar a dteagmhaíonn sí le marc an lán mhara ar Rinn an Chnocáin Bháin go dtí an rinn talún dhá chéad agus seachtó slat ó thuaidh de Rinn Gibby.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 7ú lá seo de Lúnasa, 1961.

L. S.

MICHEÁL Ó MÓRÁIN,
Aire Tailte.

DEPARTMENT OF LANDS

FISHERIES DIVISION.

FISHERIES (CONSOLIDATION) ACT, 1959.

BYE-LAW No. 505.

No. 13 *or* BALLYSHANNON DISTRICT.

I, MICHEÁL Ó MÓRÁIN, Minister for Lands, in exercise of the powers conferred on me by Section 9 of the Fisheries (Consolidation) Act, 1959 (No. 14 of 1959), hereby make the following Bye-Law :

1. This Bye-Law may be cited as the Ballyshannon District Netting Bye-Law No. 505, 1961.

2. (1) During the period commencing on the 7th day of August, 1961, and ending on the 19th day of August, 1961, the prohibitions contained in the Ballyshannon District Bye-Law No. 503, 1960, shall not apply in relation to the use in, or to the having in possession in any place on or near, the tidal waters to which this paragraph applies of draft nets of no greater length than eighty-five yards for the purpose of taking or with intent to take salmon or trout.

(2) This paragraph applies to—

(*a*) the tidal waters of the River Erne other than the portion thereof which is situated upstream or to the eastward of a straight line drawn from Gibby Point to the northernmost point of the townland of Portnason, and

(*b*) the tidal waters of the River Erne and Abbey River, other than the portions thereof which are situated upstream or to the northward of a straight line drawn from the town boundary of Ballyshannon where it meets high water mark at Whitehill Point to the point of land two hundred and seventy yards northward of Gibby Point.

GIVEN under my Official Seal, this 7th day of August, 1961.

L. S.

MICHEÁL Ó MÓRÁIN,
Minister for Lands.

The version of this Instrument in the Irish language, prepared officially, is printed on the opposite column.